1ú Feabhra '07

Comórtais Sheachtain na Gaeilge.

Ba mhaith le 'Gaeilge Locha Riach' an deis seo a ghlacadh múinteoirí agus scoláirí in Oirthear na Gaillimhe a chur ar an eolas i dtaobh comórtais ealaíona agus filíochta a bheas ar siúl mar chuid de Sheachtain na Gaeilge.

Creidtear go dtiocfadh cuid den obair seo a bheith déanta mar chuid den obair scoile b'fhéidir?
Cuirfear na buaiteoirí ar aghaidh le páirt a ghlacadh i gcomórtais náisiúnta Sheachtain na Gaeilge.

Caithfidh a rá go bhfuil 'Gaeilge Locha Riach' iontach buíoch do Chomhar Creidmheasa Naomh Breandáin agus don Chraobh áitiúil de Chonradh na Gaeilge as urraíocht fláithiúil a chur ar fáil do na comórtais seo.

Tá eolas breise faoi iamh anseo ach má tá ceist ar bith ag éinne tá gach fáilte teagmháil a dhéanamh leis an oifig ag 091 870718 nó ag an ríomhphost prua@lochariach.com. Cuirtear i gcuimhne gur chóir iarratais a bheith ar ais ag Oifig 'Gaeilge Locha Riach' roimh 16 Márta.

Gaeilge Locha Riach would like to take this opportunity to inform teachers and students of East Galway about Art and poetry competitions being organised locally as part of Seachtain na Gaeilge in the district..

Perhaps some of this work could be included in classwork? The winners will also be entered into the national competition of Seachtain na Gaeilge.

Gaeilge Locha Riach are very grateful to the generous sponsorship from Naomh Breandán's Credit Union and to the local branch of Conradh na Gaeilge.

Further information is enclosed but if anyone has any questions, you are welcome to contact the office at 091 870718 or prua@lochariach.com Reminder : applictions to be submitted to 'Gaeilge Locha Riach' office by 16 March.

Is mise le meas
Pádraig Ó Baoill

Comórtas Ealaíona urraithe ag Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin. Spriocdáta 16 Márta. Ealaíon bunaithe ar *'Seanfhocal'*:

- 7 mbliana agus faoi
- 8-10 mbliana
- 11-14 bliana
- 15 bliana nó níos sine

1ú, 2ú agus 3ú duais i ngach rannóg.

Ba cheart a chinntiú go bhfuil na sonraí seo a leanas ar chúl gach pictiúr:

- Ainm:
- Aois:
- Múinteoir:
- Scoil:

Is féidir pictiúr a tharraingt ar sheanfhocal ar bith, seo roinnt samplaí:

'Bíonn blas ar an bheagán.'
'Tús maith, leath na hoibre.'
'Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.'
'Is fada an bóthar nach mbíonn casadh ann.'
'Is trom cearc i bhfad.'
'Is fearr rith maith ná drochsheasamh.'
'Ní thagann ciall roimh aois.'
'Is binn béal ina thost.'
'Is fearr cairde ná ór.'
'Is fearr an troid ná an t-uaigneas.'
'Ní bhíonn saoi gan locht.'
'Mol an óige agus tiocfaidh sí.'
'Is fearr beagán cúnaimh ná mórán trua.'

Comórtas Filíochta Raifteirí urraithe ag Conradh na Gaeilge Bhaile Locha Riach. Spriocdáta 16 Márta.

- 7 mbliana agus faoi
- 8-10 mbliana
- 11-14 bliana
- 15 bliana nó níos sine

1ú, 2ú agus 3ú duais i ngach rannóg.

Ba cheart a chinntiú go bhfuil na sonraí seo a leanas ar chúl gach dán:

- Ainm:
- Aois:
- Múinteoir:
- Scoil:

Is féidir dán a chumadh (beag nó mór) ar ábhar ar bith, seo roinnt samplaí:

- Carachtar, laoch nó duine suimiúil.
- Mothúcháin; Grá, Brón ...
- Dúlra, nádúr agus timpeallacht